

## **Polasaí Cianfhoghlaim Coláiste Íde**

### **Réamhrá**

Sa cháipéis seo tá polasaí na scoile maidir le húsáid na teicneolaíochta do chian-theagasc agus foghlaim i rith na gcúinsí reatha athruithe seo atá tárlaithe de dheasca COVID-19 agus an méadú suntasach atá tagtha ar úsáid na teicneolaíochta chun leanúint leis an bhfoghlaim. Feidhmíonn sé in éineacht lenár bPolasaí Úsáide Inghlactha (PÚI).

### **Raon an pholasaí seo**

Clúdaíonn an polasaí seo aon réimse de chian-fhoghlaim an scoláire le húsáid ag Foireann an Choláiste.

I ngach cás caithfidh scoláirí úsáid a bhaint as a gcuntas @colaisteide.com amháin chun logáil isteach i gcónaí. Ní ceadmhach do scoláirí aon chuntas eile a úsáid ar aon chúis ar mhaithe le cianfhoghlaim laistigh den Choláiste.

Seo an liosta de na feidhmchláir is mó a mbainfear úsáid astu don chian-fhoghlaim:

- Google classroom
- Zoom

D'fhéadfadh feidhmchláir bhreise a bheith in úsáid ag múinteoirí, agus cuirfidh an múinteoir an t-eolas ar fáil don scoláire faoi conas teacht orthu.

### **Cur chuige na Ríomhfhoghlama**

Cur chuige nasctha, mar a tugtar air, a bheidh i gceist leis an ríomhfhoghlaim agus d'fhéadfadh múinteoirí áirithe thar a chéile modhanna difriúla a úsáid.

Mar shampla:

- D'fhéadfadh múinteoirí áirithe úsáid a bhaint as ranganna beo rialta trí Zoom agus d'fhéadfadh múinteoirí eile úsáid a bhaint as Google classroom
- D'fhéadfadh múinteoirí áirithe obair a dháileadh go léir in éineacht mar thascanna seachtainiúla agus d'fhéadfadh múinteoirí eile tascanna laethúla obair bhaile a dháileadh.

I ngach cás, sí an phríomh-aidhm ná gnéithe riachtannacha an churaclaim a chlúdach dá n-ábhar ar leith. Cinnfidh an múinteoir ar an modh is éifeachtaí le húsáid chun an sprioc seo a bhaint amach. Ba cheart don scoláire dul i dteagmháil lena múinteoir láithreach má tá aon deacracht acu in aon ghné dá n-ábhar.

## Freagracht Chách le linn páirt a ghlacadh sa ríomhfhoghlaim

Don bhfoireann agus múinteoirí:

- Tá smacht ar an iomlán ag múinteoirí ar an idirghníomhaíocht ar-líne atá ag a rang.
- Bainfear amach scoláirí toirmeascacha chun deis chothrom a thabhairt dóibh siúd ar mian leo bheith páirteach.
- Déanfaidh múinteoirí a míle dícheall bheith ar fáil le linn a gcuid amanta ainmnithe ar an gclár ama– d’fhéadfadh seo a bheith trí fhíseán beo ar Zoom, trí Google classroom nó ar ríomhphost nó rang a bheith réamhthairfeadta nó aon mhodh eile a oireann din mhúinteoir agus an t-ábhar

Do scoláirí:

- Caithfidh tú cumarsáid a dhéanamh trí do chuntas @colaisteide.com amháin. Tá cosc ar aon chuntas eile nó seoladh ríomhphoist eile.
- Ná déan cumarsáid le haon chuntas seachas le cuntas @colaisteide.com agus dean tuairisciú ar aon saghas gníomhaíochta le do mhúinteoir trí chuntas ríomhphoist @colaisteide.com do mhúinteora.
- Caithfidh tú a bheith sibhialta i gcónaí agus meas a bheith agat ar do chuid múinteoirí agus comhscoláirí.
- Ní ceadmhach duit taifead a dhéanamh ar nó aon ábhar a sheoladh ar aghaidh laistigh de ghrúpa – ar nós bileoga oibre, páipéir scrúduithe, freagraí, réitigh, físeáin, nótaí nó nascanna Zoom – chuig éinne eile gan cead ón té a chruthaigh an t-ábhar sin.
- Caithfidh na scoláirí a bheith gléasta i gceart don rang

Do thuismitheoirí:

- Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil d’iníon ag seiceáil isteach go rialta don obair a tugtar di
- Nuair atá ranganna beo ar siúl, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil d’iníon i bpáirt den teach atá ciúin agus saor ó rudaí a chuirfeadh isteach uirthi. Bí aireach faoi Threoirlínte maidir le Cosaint Leanaí, le do thoil.
- Beidh teacht ar thuismitheoirí ar eolas faoi obair bhaile na scoláirí
- **Is í d’iníon amháin, a cheart féachaint ar ranganna beo ar-líne in ait chiúin**

## Ranganna Beo Ar-Líne

Is féidir le múinteoirí cuid den chúrsa a dhéanamh “beo” ag úsáid Zoom nó Google classroom;

- Caithfidh scoláirí treoir an mhúinteora a leanúint i gcónaí, cosúil leis an seomra ranga.
- Ní ceadmhach do scoláirí a micreafón a chasadh ar siúl mura n-iarann an múinteoir sin orthu. I ngach cás, ba chóir nach mbeadh an micreafón ar siúl nuair nach bhfuil duine ag caint chun a chinntiú nach bhfuil glór ón gcúlra le cloisteáil ag gach éinne.
- Is don scoláire amháin an nasc Zoom. Cinnfidh an múinteoir cé a gheobhaidh an nasc. Ná cur an nasc ar aghaidh chuig éinne eile.
- **Ní ceadmhach d’aon scoláire taifead a dhéanamh ar aon seisiún ranga riamh.**

**Polasaí Cianfhoghlaim  
Coláiste Íde 2020**

*Deineadh an polasaí seo a phlé leis na baill seo a leanas:*

<i>Múinteoirí</i>	<i>18 Meán Fómhair 2020</i>
<i>Tuismitheoirí</i>	<i>20 Meán Fómhair 2020</i>
<i>Scoláirí</i>	<i>12 Deireadh Fómhair 2020</i>

*Deineadh an polasaí seo a dhearbhuí:*

<i>Bord Bainistíochta</i>	<i>15 Samhain 2020</i>
<i>Bord Stiúrthóirí</i>	